

## Comórtas Inmheánach/Seachtrach

# Bainisteoir Sonraí maidir le Taithí na nOthar agus Cúram Sláinte Grád VII (Buan & Lánaimseartha)

Tá iarratais ar an bpost atá luaite thuas á lorg ó dhaoine atá cáilithe go cuí.

### Cuspóir an Phoist:

Is éard atá sa Bhainisteoir Sonraí maidir le Taithí na nOthar agus Cúram Sláinte ná eochairphost bainisteoireachta ar a bhfuil freagracht as páirteachas na n-úsáideoirí seirbhíse, trí dheimhin a dhéanamh de pháirteachas na n-úsáideoirí seirbhíse a bheith i gcroílár fheidhmeanna na heagraíochta mar aon le tionscnaimh ar mhaithe le feabhsú leanúnach. Déanfaidh an Bainisteoir Sonraí maidir le Taithí na nOthar agus Cúram Sláinte ionadaíocht do riachtanais na bpáirtithe leasmhara ar fud an ospidéil agus déanfaidh sé/sí comhordú ar idirghabhálacha éagsúla na bpáirtithe leasmhara i ngach aon chuid den ospidéal chomh maith leis an dtuairisciú orthu siúd.

Beidh sealbhóir an phoist freagrach as caighdeáin chuí agus eochairtháscairí feidhmíochta a shuíomh, le linn dó/di eolas agus staitisticí a bheidh ar ardchaighdeán a chur ar fáil maidir leis an bhfeidhmíocht ar fud an ospidéil agus déanfaidh sé/sí moltaí chun é a chur ar chumas an Ospidéil Náisiúnta Athshlánúcháin straitéisí a fhorbairt d'fhonn feabhas a chur ar sheachadadh na seirbhíse do na páirtithe leasmhara a bhainfidh le hábhar agus san am céanna a bheith ag cloí leis an reachtaíocht a bhainfidh le hábhar.

### RIACHTAN AIS:

*Níorbh fholáir na cáilíochtaí agus an taithí seo a leanas a bheith ag an iarrthóir den scoth ar an dáta deiridh a nglacfaí le foirmeacha líonta iarratais i leith an phoist:*

- Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh oideachas go dtí leibhéal na céime ag an iarrthóir, mar shampla: i mBainisteoireacht na Seirbhísí Sláinte/ sa Ghnó
- Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh Taithí ag an iarrthóir ar an mBainisteoireacht ar Dhaoine
- Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh Taithí ag an iarrthóir ar an obair ar shuíomh ospidéil/ ar fheidhm na seirbhísí d'othair
- Fios maith oibre ar phacáistí ríomhaireachta lena n-áirítear: MS Word, Excel, Access, PowerPoint agus Córas Riaracháin na nOthar (CRO/PAS)
- Sárscileanna coimeádta taifead
- Tá sárscileanna idirphearsanta fíor-riachtanach
- Taithí ar an athrú a idirbheartú agus a mhúnlú
- Taithí ar anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar leas a bhaint as modhanna staitistiúla chun tuarascálacha ardleibhéil a sholáthar
- Ní foláir nó gur féintionscnóir an t-iarrthóir agus ní foláir dó/di a bheith ábalta ar oibriú faoi bhrú agus as a stuaim féin, i dtreo sprioc-amanna dochta
- Sárscileanna cumarsáide, idirphearsanta, eagraíochtúla agus oibre buíne.
- Tá sárscileanna bainisteoireachta ar dhaoine fíor-riachtanach
- Ardchumas freagrachta agus tionscnaíochta aonair

*Is éard atá i gceist anseo ná ceapachán atá lánaimseartha, buan agus i gcáil inphinsin. Is de réir an scála tuarastail arna fhaomhadh ag an Roinn Sláinte atá an luach saothair.*

Is cóir d'iarratasóirí ar an bpost atá luaite thuas litir iarratais agus curriculum vitae a chur isteach chun go sroichfidh siad, tráth nach déanaí ná **12:00 a chlog meán lae Dé hAoine an 17 Iúil 2022**, Claire Camon, Roinn Acmhainne Daonna, nó tríd an ríomhphost go dtí [claire.camon@nrh.ie](mailto:claire.camon@nrh.ie). Tá sainchuntas ar an bpost atá luaite thuas le fáil ar iarratas ó Claire Camon. I dtaca le fiosruithe neamhfhoirmiúla, déan teagmháil le June Stanley, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, le do thoil, trí ríomhphost a chur chuig [june.stanley@nrh.ie](mailto:june.stanley@nrh.ie)